

OÉ Gaillimh
NUI Galway

# Tugaimid faoin Domhan le hUaillmhian

## Plean Straitéiseach Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta, agus an Léinn Cheiltigh

2021 - 25



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Focal ón Déan Feidhmiúcháin** | **5** |
| **Buneolas Fúinn: Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh in 2021** | **6** |
| **I. An Straitéis á Cruthú** | **8** |
| Fís | **11** |
| Éiteas Comhroinnte | **13** |
| Aidhmeanna | **13** |
| Cuspóirí | **15** |
| Sainréimsí Taighde agus a dTionchar | **16** |
| Portfóilió na dTiomantas | **18** |
| Teagasc & Foghlaim | **18** |
| Taighde | **18** |
| Idirnáisiúnta | **19** |
| Earcú Mac Léinn | **19** |
| Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí | **20** |
| Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú | **20** |
| Daoine | **21** |
| Rialachas | **21** |
| **II. Straitéisí do Chlaochlú** | **22** |
| Straitéis Teagaisc agus Foghlama | **24** |
| Straitéis Taighde | **28** |
| Straitéis Idirnáisiúnta | **30** |
| Straitéis Earcaíochta Mac Léinn | **35** |
| Straitéis Comhpháirtíochtaí & Rannpháirtíochta | **38** |
| Straitéis EDI | **40** |
| Straitéis do Dhaoine | **42** |
| Rialachas | **44** |
| **III. Monatóireacht ar an Straitéis** | **47** |
| Amlíne feidhmithe | **48** |
| **IV. Fís Roinnte, Múnlaithe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025 a chomhlíonadh** | **49** |

“Mura dtagann ach rud amháin as na Dána, sin é an cumas rudaí a fheiceáil ar bhealach difriúil”





# Focal ón Déan Feidhmiúcháin

A chairde,

Tá bunús láidir leis an Straitéis seo.

Tá cáil taighde ar fud an domhain ar Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh i réimse na nDán agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Léiríonn ár mórthionscadail reatha atá maoinithe ag an AE ár saibhreas cartlainne agus cumais dhigiteacha i dteangacha, i litríochtaí agus i bpolaitíocht do ghrúpaí éagsúla. Sampla amháin is ea ár nOllúnacht UNESCO le Leanaí, Óige & Comhpháirteachas Poiblí den aitheantas domhanda atá saothraithe ag ár gcuid oibre le pobail ar fud an domhain: is comhpháirtithe céad rogha sinn d’ilghníomhaireachtaí idirnáisiúnta maidir le torthaí oideachais agus comhshaoil níos fearr a dhearadh do chách. Bhíomar an-sásta ár bpáirt a ghlacadh i bhfreagra na hÉireann ar COVID-19 agus tugaimid ár nuálaithe den scoth in iompraíocht sláinte le chéile arís agus arís eile le lucht déanta athruithe i gcomhthéacsanna gairmiúla éagsúla.

Déanaimid an obair seo go léir lenár gcuid mac léinn agus ar a son. Táimid bródúil as an rochtain ar oideachas atá á cur ar fáil againn le fada do dhaoine ó cheithre chúige na hÉireann agus ag an am céanna an malartú le ceithre chúinne an domhain. Tagann aon cúigiú dár mic léinn ó thar lear anois agus tacaímid go mór le sprioc na hOllscoile go mbeadh mic léinn 100% soghluaiste. Tá malartú – malartú luachanna cultúrtha, eispéiris, eolais – ag croílár ár gcuid oibre, agus táimid tiomanta bealaí nua, inbhuanaithe a aimsiú chun a leithéid de theagmhálacha claochlaitheacha a chumasú.

Claochlú atá i gceist leis an Straitéis seo.

Mura dtagann ach rud amháin as na Dána, sin é an cumas rudaí a fheiceáil ar bhealach difriúil; dá mbeadh luach amháin leis na hEolaíochtaí Sóisialta, sin é daoine a bheith tuisceanach; agus dá mbeadh orainn focal amháin a aimsiú don Léann Ceilteach, dúinne is é sin an ceann is mothúchánach ar fad: baile. Mar is cuma cá bhfuil an baile, féachaimid ar an domhan timpeall orainn agus cuirimid an cheist céard a d’fheabhsódh é, do níos mó daoine, níos minice. Féachaimid freisin ar na rudaí go léir atá againn cheana féin agus tuigimid go gcaithfear aird a thabhairt ar an am atá thart: tá obair chlaochlaitheach le déanamh chun na bealaí cearta a aimsiú chun cuimhneamh ar na ceachtanna, na rudaí agus na cleachtais is tábhachtaí atá againn agus a chinntiú go mbeidh siad inrochtana do na glúine atá le teacht.

Féachann an méid seo a leanas le guth a thabhairt dó seo go léir. Ba mhaith linn a chinntiú go mbeidh an scéal atá le hinsint againn le chéile le cloisteáil chomh fada agus is féidir ar fud an domhain, agus cuideoidh sé seo linn guthanna éagsúla a chloisteáil agus ár gcleachtais féin a athrú mar fhreagairt. Ba mhór an pléisiúr dom a bheith ag obair le mo 365 comhghleacaí tiomanta agus cumasach chun an Straitéis atá os bhur gcomhair a dhearadh agus táim ag tnúth go mór leis an dea-obair atá amach romhainn.

Is leis an straitéis seo a chruthóidh muid an todhchaí.

**An tOllamh Rebecca Braun**



# Buneolas Fúinn: Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh in 2021

## DAOINE

**5,709** mac léinn

**366** comhalta foirne; 63% Mná, 37% Fir

**72%** de chláir fochéime le foghlaim obairbhunaithe

**1** ghradam Cré-umha Scoile Athena Swan

**84%** ráta sástachta mac léinn (2015-2020, Foinse: Suirbhé ar Shástacht na Mac Léinn ISSE)

## DOMHANDA

**1,166** mac léinn idirnáisiúnta (20%)

**444** comhpháirtíocht idirnáisiúnta le 46.7% de pháipéir thaighde le comhúdair idirnáisiúnta (2015-2019, Foinse: Scopus)

**256** mac léinn ar chláir Erasmus (21/22)

## TAIGHDE & NUÁLAÍOCHT

**€27.4M** Ioncam taighde díreach €27.4M ó mhaoiniú AE Bliain Acadúil 2015/16-2019/20

**10,961** lua (2015-2019, Foinse: Scopus)

**59.7%** de na Foilseacháin sna **25%** d'Irisí is Fearr (2015-2019, Foinse: Scopus)

**1** Deontas Tosaigh agus **2** Dheontas Comhdhlúthaithe ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) bronnta, **18** n-iarratas déanta ar Dheontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde (2015-2020).

## INBHUANAITHEACHT

**6** scoil a bhfuil modúil inbhuanaitheachta leabaithe acu

**85** modúl a bhfuil prionsabail inbhuanaitheachta leo

## CLÚ & CÁIL

**4 réimse ábhair cheannródaíocha** i rangú ábhair QS 2021

**Lárionad idirnáisiúnta ceannródaíoch** do na hEalaíona Cruthaitheacha

**Mol** don Ghaeilge agus don chultúr

# An Straitéis á Cruthú

-



## I. An Straitéis á Cruthú

Leagtar amach sna leathanaigh seo a leanas ár bhFís don treo atá romhainn agus an áit ar mhaith linn a bheith faoi 2030, chomh maith lenár nAidhmeanna agus Cuspóirí don tréimhse 2021–2025. Agus an Straitéis seo á hullmhú againn, is eol dúinn go maith an t-athrú as cuimse a tháinig ar ár gcleachtais oibre ar fud na hOllscoile ó thosaigh paindéim COVID-19. Tagann deiseanna le go leor de na cleachtais oibre nua seo agus táimid tiomanta pleananna a chur le chéile a ligfidh dúinn aistriú go muiníneach agus go sábháilte i ndiaidh na paindéime.

Tá ár gcuid oibre bunaithe ar na buanna atá againn cheana féin sa teagasc agus sa taighde agus tugaimid léargas ar ár ngealltanais sna hocht bpríomh-phortfóilió: Teagasc & Foghlaim; Taighde; Idirnáisiúnta; Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; Daoine; Earcaíocht Mac Léinn; Comhpháirtíochtaí & Rannpháirtíocht; Rialachas.

## Ár nOcht bPríomh-Phortfóilió

- TEAGASC AGUS FOGHLAIM
- TAIGHDE
- IDIRNÁISIÚNTA
- EARCÚ MAC LÉINN
- COMH-PHÁIRTÍOCHTAÍ AGUS RANN-PHÁIRTÍOCHT
- COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ
- DAOINE
- RIALACHAS



# Cá bhfuil ár dtriall

# Fís

Faoi 2030, beidh cáil ar Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh as an gcaoi shainiúil a bhí againn saineolas a nascadh ar fud na ndán, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta, do chomhlachtaí eolais eile agus d'úsáid in earnálacha eile. Is é ár gcuspóir ag deireadh an lae smaointeoireacht agus gníomhaíocht chlaochlaitheach a spreagadh ar fud na sochaí, agus ár misean á chomhlíonadh againn mar Ollscoil phoiblí a fhreastalaíonn ar leas an phobail, sa chaoi is go dtugann an t-eolas atá inár ndisciplíní cumhacht do dhaoine ar fud an domhain saol comhlíontach atá freagrach go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de a bheith acu.



## Éiteas Comhroinnte

Áthas, iontas agus réitigh phraiticiúla a bhíonn mar thoradh ar ár gcuid oibre. Nuair a dhéanaimid tagairt d'eolas, do smaointeoireacht agus do ghníomh 'claochlaitheach', is éard atá i gceist againn a mhéid a spreagann an obair seo muid chun breathnú go criticiúil ar chleachtais agus ar bhoinn tuisceana ar fud na sochaí agus bealaí nua a mholadh chun rudaí a dhéanamh. Táimid ag tabhairt aghaidh freisin ar an eolas agus ar na scileanna atá riachtanach chun ciall a bhaint as ár saol, agus as timpeallacht staidéir agus oibre atá ag síorathrú.  Athraíonn an t-eolas seo agus na scileanna seo an tuiscint atá againn orainn féin, chomh maith le huirlisí a sholáthar dúinn chun difríocht bhunathraithe a dhéanamh do shaol daoine eile. Creidimid go láidir gur chóir go mbeadh a leithéid d'eispéireas ar fáil do gach duine. Cuirimid fáilte roimh mhic léinn agus roimh chomhghleacaithe ó gach cúlra chun cabhrú linn luach bunathraithe na nDán agus na nEolaíochtaí Sóisialta a aistriú d'earnálacha agus do phobail éagsúla ar fud an domhain.

## Aidhmeanna

Tá cúig phríomhsprioc uileghabhálacha inár Straitéis go dtí 2025:

- An cumas a thabhairt dár gcuid mac léinn athrú dearfach a dhéanamh ina saol féin agus sa tsochaí i gcoitinne trí eispéireas teagaisc oiriúnaithe a sholáthar atá dírithe ar eolas claochlaitheach.
- A chinntiú go n-aithníonn mic léinn ionchasacha agus comhaltaí foirne araon Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh go hidirnáisiúnta as a sainréimsí saineolais nascach
- Comhpháirtíochtaí móra iomadúla a chothú taobh amuigh den saol acadúil ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta a leagann béim ar ár gcumas obair chlaochlaitheach a dhéanamh le raon leathan páirtithe leasmhara
- A chinntiú go bhfuil OÉ Gaillimh ina comhpháirtí acadúil aitheanta sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta d'institiúidí taighde agus ardoideachais eile ar fud an domhain
- A bheith chun tosaigh go náisiúnta inár dtiomantas do chothromaíocht shláintiúil oibre-saoil agus sásamh gairmiúil a éascú do chomhghleacaithe ar gach cineál conartha.

[1] D'eascair cuid dár smaointe as smaointeoireacht atá leagtha amach ag Paul Ashwin, *Transforming University Education: A Manifesto* (London: Bloomsbury Academic, 2020).



## Cuspóirí

- Scoil Iarchéime an Choláiste atá sainiúil go hidirnáisiúnta a bhunú, agus glacadh leis an gcéad ghrúpa mac léinn PGT agus PGR in 2022/23
- Portfóilió de chláir iarchéime nua agus athchruthaithe a fhorbairt taobh istigh den Scoil Iarchéime a bhainfidh leas as ár láidreachtaí idirdhisciplíneacha agus a mbeidh sé mar aidhm acu 25+ mac léinn in aghaidh an disciplín in aghaidh na bliana a earcú faoi 2025
- Réimsí comhoibrithe ar fud na hOllscoile a bhunú sa spás iarchéime agus Taighde le saothrú go gníomhach tar éis 2025
- Líon níos mó mac léinn taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann a chlárú ar ár gcláir fochéime, sa chaoi is go mbeidh cohórt idirnáisiúnta 25% de ghnáth ar fhormhór na gclár
- Oibriú lenár mic léinn agus lenár bhfoireann teagaisc sna cláir go léir chun go mbeidh ar a gcumas luach claochlaitheach an eolais a shealbhaítear orthu a chur in iúl
- Tacú le Straitéis Gaeilge na hOllscoile trí shamplaí den dea-chleachtas i dteagasc agus i bhfoghlaim, i dtaighde, agus i naisc le pobail na Gaeltachta a chothú, ar aon dul lenár gcáil náisiúnta agus idirnáisiúnta as oideachas Gaeilge
- Cosáin trínár gcláir a léiriú agus tuilleadh nuálaíochtaí a fhorbairt i dteagasc agus i dtaighde a thacaíonn go háirithe leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
- Modhanna bunaithe ar fhianaise a úsáid chun sainréimsí taighde ag leibhéal an Choláiste a aithint agus a fhorbairt agus a bpróifíl sheachtrach a ardú trí shraith beart atá oiriúnach do na Dána agus na hEolaíochtaí Sóisialta
- Deiseanna a mhéadú do thaighdeoirí luathghairme inár sainréimsí taighde trí fhorbairt tionscadail rathúil a mhaoinítear go seachtrach faoi stiúir foirne i lár a ngairme agus foirne sinsearaí
- Tacú le taighde nua cruthaitheach atá ag teacht chun cinn, ionas gur féidir linn sruth smaointe nua a thacaíonn lenár gcáil taighde faoi 2025 a léiriú
- Comhpháirtíochtaí a mhéadú taobh amuigh den saol acadúil, chun ionchais fostaíochta dár gcéimithe a fheabhsú agus chun deiseanna nua taighde agus teagaisc atá os comhair an chleachtais a fhorbairt
- Meas a léiriú ar chomhionannas agus ar éagsúlacht na mac léinn agus na foirne sa Choláiste. Iarrachtaí a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rannpháirtíocht agus ar dhul chun cinn, agus a chinntiú go gcuirtear mná agus daoine le tréithe cosanta san áireamh go hiomlán in obair agus i saol an Choláiste agus a Scoileanna agus Aonaid chleamhnaithe
- A chinntiú go ndéantar meantóireacht ar an bhfoireann agus go dtugtar tacaíocht don fhoireann ina gcinntí faoi fhorbairt gairme agus ardú céime.


## Sainréimsí Taighde agus a dTionchar

Tarraingíonn ár Straitéis ar cheithre réimse atá ann cheana de chomhoibriú suntasach taighde ar fud an Choláiste: Sainréimsí Taighde [SRAnna].

Cuid lárnach de gach ceann de na réimsí seo is ea an coincheap 'saineolas nascach'. Is éard atá i gceist againn leis sin ná saineolas áirithe atá laistigh den Choláiste atá le fáil taobh amuigh de dhisciplín amháin de bharr gur spreag sé comhpháirtíochtaí éagsúla, go hintleachtúil (idir/ildisciplíneach) agus go praiticiúil (comhpháirtíochtaí agus feidhmeanna).

Tá sé ríthábhachtach do gach gné dár Straitéis na réimsí seo a leathnú go hidirnáisiúnta agus go claochlaitheach trí dhaingniú agus soiléiriú breise agus nuálaíocht leanúnach. Ciallaíonn sé seo chomh maith spás a fhágáil le haghaidh smaointe agus cuir chuige nua a bhfuil torthaí / feidhmeanna / cleamhnachtaí éiginnte orthu a d'fhéadfadh, le himeacht ama, sainréimsí nua a chur ar fáil.

Cuimsíonn ár Sainréimsí Taighde taighde atá 'feidhmeach' agus 'cruthaitheach'. Déantar taighde 'feidhmeach' le comhpháirtithe pobail agus tá sé tiomanta go díreach d'aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí is ábhar imní don phobal; ní bhíonn taighde 'cruthaitheach' chomh dírithe ar spriocanna láithreach, ach is féidir leis a bheith chomh héifeachtach céanna. Is mór againn raon leathan tionchair ónár dtaighde. Tacaímid le bealaí chun leasa an phobail nach féidir a thomhas go díreach (e.g. trí ghníomhaíochtaí cultúrtha agus oideachais) in éineacht leis na marcóirí níos intomhaiste d'ardú eacnamaíoch agus d'athrú iompraíochta.








Tacaímid go hiomlán leis na seacht Sprioc Forbartha Inbhuanaithe [SDGanna] déag. Tugann an tacar comhtháite spriocanna seo ciall ar an bpointe don tsochaí do gach taighde ar leibhéal na hOllscoile. Ag teacht leis an seachtú Sprioc déag, fáiltímid roimh an gcuspóir comhroinnte atá ann: cuidíonn sé linn cruth a chur ar ár gcuid oibre ar an gcaoi seo chun acmhainn chlaochlaitheach ár gcuid taighde a nascadh le hiarrachtaí an iliomad comhpháirtithe agus institiúidí eile atá ar aon intinn linn ar fud an domhain.

Cuireann ár gcuid oibre go mór le beagnach gach réimse a leagtar amach sna SDGanna, go háirithe:




Ligfidh an Straitéis seo dúinn leanúint lenár lorg taighde sna réimsí seo a mhéadú, ach ar bhealach a éascaíonn spriocanna agus dúshláin nua a aimsiú chomh maith le gnóthachtáil na SDGanna aonair atá ann faoi láthair.



# Portfóilió na dTiomantas


Bainfimid ár gcuspóirí Straitéise amach trí oibriú go hiomlánaíoch ar fud na n-ocht bpríomhphortfóilió thíos. I ngach cás, cinnteoimid go múnlaíonn croíluachanna na hOllscoile: meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus sármhaitheas na pointí gníomhaíochta.



## Teagasc & Foghlaim

Cuirfimid in iúl go soiléir an chaoi a gcruthaíonn ár gcláir eolas claochlaitheach i gcroílár gach a ndéanaimid

- Cuirfimid eispéireas teagaisc ar fáil a leagann béim ar chumas claochlaitheach an ardoideachais, do mhic léinn agus don tsochaí i gcoitinne.
- Cuirfimid cultúr dearfach d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun cinn a thacaíonn le caighdeáin agus cleachtais cháilíochta teagaisc agus foghlama.
- Cuirfimid eispéireas teagaisc ar fáil atá tógtha ar chaighdeán agus ar uathúlacht eolais agus scileanna na foirne acadúla, tacaíochta agus teicniúla inár gColáiste.
- Leanfaimid orainn ag soláthar eispéireas teagaisc agus foghlama a thugann aitheantas d'éagsúlacht na mac léinn.
- Cuirfimid guth na mac léinn san áireamh i meastóireacht chúrsa agus i bhforbairt curaclaim.
- Méadóimid próifíl ár gclár iarchéime agus méadóimid ár sainréimsí taighde trí Scoil Iarchéime an Choláiste a bhunú.



## Taighde

Cuirfimid smaointeoireacht 'taighde feidhmeach' agus 'cruthaitheach' chun cinn ar fud an Choláiste agus cinnteoimid go mbeidh deiseanna chun páirt a ghlacadh i dtaighde agus leas a bhaint as a thorthaí oscailte go hiomlán do chách

- Tacóimid le gach Scoil chun pleananna foirne a fhorbairt a chinntíonn go bhfuil cumas leordhóthanach ann taighde ag leibhéal an disciplín a dhéanamh agus a chur chun cinn i ngach Scoil.
- Forbróimid ár sainréimsí taighde ag leibhéal an Choláiste chun béim a chur ar bhuanna idirdhisciplíneacha agus tá tacaíocht acu ó institiúidí taighde ábhartha agus Scoil Iarchéime nua an Choláiste.
- Déanfaimid acmhainní Oifig an Choláiste a infheistiú chun ár n-éachtaí taighde agus ár bhféiniúlacht a chur chun cinn níos fearr, chun cumarsáid sheachtrach a fheabhsú agus chun comhpháirtithe agus lucht leasa nua a aimsiú inár gcuid oibre.
- Oibreoimid le Scoileanna, Institiúid de Móra, agus ILAS chun struchtúir mheantóireachta taighde a bhunú chun a chinntiú go mbíonn gach comhalta foirne taighde i mbun comhráite taighde tacúla go rialta laistigh agus lasmuigh dá ndisciplín.







## Idirnáisiúnta

Cuirfimid fáilte roimh an domhan mór isteach trínár gcuid oibre le mic léinn agus comhpháirtithe idirnáisiúnta agus rachaimid amach sa domhan chun ár rannpháirtíocht agus ár dtionchar ar scála domhanda a mhéadú

- Forbróimid earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta a sholáthróidh meascán méadaithe agus níos leithne de mhic léinn fochéime, iarchéime agus staidéir thar lear agus a shaibhreoidh eispéireas na mac léinn baile agus idirnáisiúnta.
- Cuirfimid deiseanna idirnáisiúnaithe chun cinn don fhoireann agus do mhic léinn trí shoghluaisteacht agus eispéiris chomhoibritheacha.
- Déanfaimid ár ngníomhaíocht taighde idirnáisiúnta a mhéadú agus a chur chun cinn chun cumhacht agus tionchar ár réimsí taighde a mhéadú go domhanda.
- Cuirfimid cultúr dearfach, feidhmeach agus eiticiúil idirnáisiúnaithe chun cinn laistigh den Choláiste.
- Glacfaimid le hinbhuanaitheacht inár gcleachtais idirnáisiúnaithe.



## Earcú Mac Léinn

Forbróimid cuir chuige nua maidir le hearcaíocht mac léinn, ag comhtháthú ár straitéise earcaíochta le cuir chuige i leith cumarsáide, rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta

- Déanfaimid straitéis earcaíochta uaillmhianach agus fianaise-bhunaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
- Cuirfimid tráchtaireacht láidir faoinár gColáiste in iúl agus cuirfimid chun cinn é ar bhealach a ligfidh d'fhoireann, do mhic léinn (reatha agus ionchasach), agus d'alumni ár n-éiteas, ár bhféiniúlacht, agus éachtaí ár bpobal a aithint agus a bheith bródúil as.
- Cuirfimid ár bportfóilió fochéime & iarchéime i láthair de réir ár scéil, ag cur in iúl do lucht leasa seachtrach luach céim sna Dána/sna hEolaíochtaí Sóisialta ó OÉ Gaillimh agus na scileanna a gnóthaíodh lenár gcéimeanna.



## Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíochtaí

Forbróimid agus roinnfimid ár saineolas i dteagasc agus i dtaighde le comhpháirtithe ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag obair i gcomhar le chéile chun athrú dearfach a dhéanamh, agus ag bunú ár ngníomhaíochtaí ar an gcreideamh láidir go bhfuil agus go gcaithfidh ár n-ollscoil a bheith ina fórsa ar leas an phobail

- Comhoibreoimid le comhpháirtithe ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta chun réimsí imní agus tosaíochta roinnte a aithint.
- Comhoibreoimid ar thionscadail lenár mic léinn reatha chun láithreacht rannpháirtíochta pobail inár ngníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde a fheabhsú – agus tionchar intomhaiste a dhéanamh ar ár ndomhan ag an am céanna.
- Beimid ag plé go gníomhach le alumni ar fud na cruinne, ag taispeáint éachtaí ár gcéimithe agus, ina dhiaidh sin, alumni, a bhíonn ina n-ambasadóirí don Choláiste.



## Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú

Cuirfimid leis an tuiscint ar phrionsabail EDI ar fud an Choláiste agus cinnteoimid go mbeidh mionlaigh agus grúpaí faoi mhíbhuntáiste curtha san áireamh inár gcuid oibre


- Cothóimid cultúr atá uilechuimsitheach agus oscailte, ina dtabharfar léiriú ar éagsúlacht na foirne agus na mac léinn agus ina mbeidh meas ar an éagsúlacht sin.
- Cuirfimid feabhas ar chomhionannas inscne ag gach leibhéal sa Choláiste.
- Cuirfimid tionscnaimh speisialta EDI chun cinn ag leibhéal an Choláiste.



## Daoine

Tacóimid leis na daoine atá san Ollscoil seo gairm a thugann sásamh pearsanta dóibh agus a athraíonn a stádas sóisialta ó bhonn a fhorbairt, beag beann ar an bpost inar ceapadh iad nó an chonair a bhí leagtha amach dóibh

- Cothóimid timpeallacht oibre ina bhfuil folláine na foirne uile – acadúil agus tacaíocht ghairmiúil – ina tosaíocht thábhachtach.
- Beidh sé mar aidhm againn leibhéil folláine agus sástachta gairmiúla ar fud an Choláiste a fheabhsú.
- Déanfaimid daoine a spreagadh le cultúr oibre urramach a fhorbairt ag gach leibhéal sa Choláiste.



## Rialachas

Cinnteoimid go mbeidh línte soiléire freagrachta agus cuntasachta ag struchtúir rialachais ar leibhéal na Scoile agus an Choláiste, chun go dtacófar go hiomlán le gach comhghleacaí sa ról atá aige/aici agus go ndéanfar polasaithe agus próisis a chur i bhfeidhm ar fud an Choláiste

- Déanfaimid athbhreithniú ar staid airgeadais reatha an Choláiste agus tabharfaimid faoi réamhphleanáil láidir chun go mbeidh an Coláiste in ann feidhmiú go hiomlán.
- Déanfaimid athbhreithniú ar struchtúir Scoile lena chinntiú go ndéantar gach aonad a bharrfheabhsú go hiomlán i dtéarmaí comhleanúnachais intleachtúla, seachadadh clár agus éifeachtúlacht oibríochta.
- Déanfaimid athbhreithniú ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmiú Fheidhmeannas an Choláiste lena chinntiú go ndéantar é a bharrfheabhsú chun feidhmiú mar phríomhfhóram cinnteoireachta oibríochta an Choláiste.
- Cinnteoimid go mbeidh iliomad deiseanna ag gach ball den Choláiste saol acadúil an Choláiste a mhúnlú.
- Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt córas leictreonach chun ionchur, comhroinnt, stóráil agus anailísiú sonraí atá mar bhonn le gníomhaíocht an Choláiste a shimpliú, de réir mar a cheadóidh bonneagar na hOllscoile trí chéile agus acmhainní an Choláiste.

# Straitéisí do Chlaochlú

–

Díriú ar ár bPortfóilíónna: Tiomantais, Gníomhartha, Gníomhaíochtaí



## II. Straitéisí do Chlaochlú

Leagtar amach sna leathanaigh a leanas ár bpríomhghníomhartha agus ár ngníomhaíochtaí tacaíochta chun na gealltanais maidir le heolas claochlaitheach, machnamh agus gníomh a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis seo a bhaint amach.

Tugaimid le fios freisin tríd síos an chaoi a léiríonn na tiomantais seo luachanna níos leithne na hOllscoile i.e. meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais.





# Straitéis Teagaisc agus Foghlama

*Cuirfimid in iúl go soiléir an chaoi a gcruthaíonn ár gcláir eolas claochlaitheach i gcroílár gach a ndéanaimid.*





## 1

*Cuirfimid eispéireas teagaisc ar fáil a leagann béim ar chumas claochlaitheach an ardoideachais, do mhic léinn agus don tsochaí i gcoitinne.*

- Béim a leagan sna cláir teagaisc ar éiteas na hOllscoile agus an Choláiste maidir le cruthaitheacht, rannpháirtíocht shibhialta agus fiontar agus nóisean an chéimí atá freagrach go sóisialta de réir ráiteas Thréithe Iarchéime na hOllscoile (CR03, CR05, CS04, CS06).
- Deiseanna a lorg sa chroíchuraclam le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta agus shóisialta na mac léinn trí bhearta a iniúchadh cosúil le hamchlár solúbtha do ghníomhaíochtaí lasmuigh den champas nó allamuigh (CP05, CC02, CC03, AP07, AP10).
- Leanúint ar aghaidh ag cuimsiú peirspictíochtaí na sochaí sibhalta/an tionscail/na gcleachtóirí i dteagasc ar an gcampas (CP05, CC02, CC03, AP07, AP10).
- Leanúint le socrúcháin mac léinn, deiseanna staidéir thar lear, agus/nó intéirneachtaí mar roghanna laistigh de gach clár fochéime agus tacú le heispéireas mac léinn ar ardchaighdeán (CP05, AP10, AP11).

## 2

*Cuirfimid cultúr dearfach d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach chun cinn a thacaíonn le caighdeáin agus cleachtais cháilíochta teagaisc agus foghlama.*

- Tacú le comhaltaí foirne ag gach céim dá ngairm chun leas a bhaint as deiseanna oiliúna agus dul chun cinn i gcur chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus chun a gcuid deiseanna ardaithe céime a fheabhsú (AE03, AE04, AE05).
- Tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm tráthúil polasaithe nua uile-Ollscoile maidir le rannpháirtíocht teagaisc na mac léinn taighde iarchéime (CR07).
- Leanúint lenár gcomhoibriú le CELT chun oiliúint i dteagasc agus i bhfoghlaim a chur chun cinn agus a chothú (AE03, AE04).
- A chinntiú go bhfuil rochtain ag comhaltaí foirne agus ag mic léinn ar spásanna teagaisc agus foghlama oiriúnacha agus ar thimpeallacht foghlama dhigiteach oiriúnach, mar chuid dár n-eispéireas foghlama ar ardchaighdeán teagaisc agus taighde (CE02, CE04).
- Oibriú leis an Leabharlann ina n-iarrachtaí leanúnacha cruthú agus úsáid sa seomra ranga d'Acmhainní Oideachais Oscailte ar ardchaighdeán (AP04).

3

*Cuirfimid eispéireas teagaisc ar fáil atá tógtha ar chaighdeán agus ar uathúlacht eolais agus scileanna na foirne acadúla, tacaíochta agus teicniúla inár gColáiste.*

- Éachtaí atá déanta cheana a aithint agus na gnéithe uathúla dár gcláir fochéime agus iarchéime a chur chun cinn mar go léiríonn siad agus go gceiliúrann siad ár láidreachtaí sainiúla acadúla agus taighde (CE02).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bportfóiliónna fochéime agus iarchéime chun iad a ailíniú níos fearr le réimsí ina bhfuil láidreacht teagaisc agus taighde agus éileamh na mac léinn (CS03, CE02, CE05).
- Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus dúshláin chomhshaoil agus shóisialta a léiriú trínár gcuraclam agus ár dtairiscintí comhchuraclaim (CR05, CS04, CS06, CE06, AS03, AS09, AS10).
- Deiseanna a chur chun cinn do mhic léinn dul i mbun cleachtas taighde mar chuid den eispéireas teagaisc agus foghlama (CE02).
- An fhoireann go léir a bheidh páirteach san fhorbairt ghairmiúil i bpróiseas leanúnach chun impleachtaí teagasc taighdebhunaithe/taighde teagascbhunaithe a mheas maidir le dearadh agus seachadadh clár (CE02, CE05, AE03).

4

*Leanfaimid orainn ag soláthar eispéireas teagaisc agus foghlama a thugann aitheantas d'éagsúlacht na mac léinn.*

- Tacú leis an bhfoireann i mbun cleachtais a léiríonn Dearadh Uilíoch do phrionsabail Teagaisc agus Foghlama (CR01, AP02).
- Éiteas cúram tréadach a chur chun cinn do mhic léinn agus comhaltaí foirne a spreagadh chun oiliúint leanúnach a dhéanamh ina leith seo (CR04).
- Bearta a chur chun cinn a bhaineann amach na leibhéil is airde d'earcaíocht, rannpháirtíocht, coinneáil agus dul chun cinn mac léinn agus ag an am céanna a chothaíonn ardchaighdeáin acadúla agus sláine ár gclár (AS06, AE02).

5

*Cuirfimid guth na mac léinn san áireamh i meastóireacht chúrsa agus i bhforbairt curaclaim.*

- A chinntiú go bhfuil coistí idirchaidrimh foirne-mac léinn bunaithe ag gach Scoil agus/nó go bhfuil oifigeach idirchaidrimh foirne-mac léinn ceaptha ag leibhéal an Disciplín (CR04, CC07).
- Leanúint ar aghaidh leis an rannpháirtíocht ghníomhach le hionadaithe Oideachais Chomhaltas na Mac Léinn ag leibhéil Coláiste agus Scoile (CR04, CC07).
- Labhairt leis an Oifig Feabhais chun tacú agus bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas aiseolais ó mhic léinn go straitéiseach, go háirithe tríd an Suirbhé ar Rannpháirtíocht na Mac Léinn in Éirinn ag leibhéal an Choláiste agus na hOllscoile, agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil próisis éifeachtacha i bhfeidhm ag disciplíní agus ag Scoileanna chun aiseolas foirmitheach a bhailiú ag leibhéal an mhodúil agus an chláir (CR04, CC07).





6

*Méadóimid próifíl ár gclár iarchéime agus méadóimid ár sainréimsí taighde trí Scoil Iarchéime an Choláiste a bhunú.*

- Úsáid modhanna bunaithe ar fhianaise chun ár sainréimsí taighde a rianú, chomh maith le réimsí ina bhfuil éileamh ard ar mhic léinn agus réimsí féideartha fáis i measc na dtairiscintí iarchéime atá ann cheana (CE02, CE12, CS03, AS06, AE11).
- Struchtúr rialachais a bhunú do mhisean na Scoile Iarchéime (lena n-áirítear a caidreamh le Disciplíní/Scoileanna, Institiúidí Taighde agus Staidéar Iarchéime a shainiú) trí phróiseas comhairliúcháin ar fud an Choláiste (AE10).
- Portfóilió de chláir iarchéime nua agus athchruthaithe a fhorbairt taobh istigh den Scoil Iarchéime a bhainfidh leas as ár láidreachtaí idirdhisciplíneacha agus a mbeidh sé mar aidhm acu 25+ mac léinn in aghaidh an disciplín in aghaidh na bliana a earcú faoi 2025 (CE02, CE03, CE05, CE12).
- Iniúchadh a dhéanamh ar inmharthanacht scéim athbhreithnithe Comhaltachta Dochtúireachta agus é mar aidhm tacú le mic léinn PGR den chéad scoth, go háirithe iad siúd atá ag tabhairt faoi thionscadail a luíonn le buanna agus le straitéisí taighde áitiúla (CE03, CE12, AP05).





## Straitéis Taighde

*Cuirfimid smaointeoireacht 'taighde feidhmeach' agus 'cruthaitheach' chun cinn ar fud an Choláiste agus cinnteoimid go mbeidh deiseanna chun páirt a ghlacadh i dtaighde agus leas a bhaint as a thorthaí oscailte go hiomlán do chách.*

*Tacóimid le gach Scoil pleananna foirne agus acmhainní a fhorbairt a chinntíonn go bhfuil cumas leordhóthanach ann taighde ag leibhéal an disciplín a dhéanamh agus a chur chun cinn i ngach Scoil.*

- Oibriú le Scoileanna agus le hInstitiúidí Taighde chun struchtúir mheantóireachta taighde a bhunú agus a chomhordú. Cinnteoidh siad seo go mbeidh gach comhalta foirne taighde i mbun comhráite taighde tacúla go rialta laistigh agus lasmuigh dá ndisciplín (CR01, CS01, CE04, CE12).
- A chinntiú go mbeidh rochtain ag comhghleacaithe i gcónaí ar chistí ábhartha Coláiste agus Ollscoile chun taighde a dhéanamh agus a thorthaí a chur chun cinn (CE01, AP03).
- Úsáid a bhaint as spásanna fisiciúla agus as infreastruchtúr taighde atá ann cheana chun imeachtaí 'spáis oscailte' rialta (leathbhliantúla) a thionól a éascóidh forbairt clár uaillmhianach taighde trasdhisciplíneach agus a ligfidh do Scoileanna comhpháirtíochtaí taighde a chothú (CP02).
- Meicníochtaí tacaíochta a chruthú do chomhghleacaithe a dhéanann iarratas ar shaoire shabóideach agus a fhilleann ó shaoire shabóideach chun cáil idirnáisiúnta OÉ Gaillimh (AE11) a mhéadú.
- Meicníochtaí nua agus reatha meantóireachta a chur chun cinn do chomhghleacaithe atá ag cur isteach ar iarratais ar dheontais mhóra (CE01, CE03, CE04).
- Na naisc atá ag an Ollscoil cheana a mholadh (e.g. ENLIGHT, RISE) chun taighde tras-AE a chur chun cinn ag leibhéal scoile (AP08, AP11).

Ciallaíonn taighde feidhmeach[2] raon leathan cuir chuige agus modheolaíochtaí taighde dochta a bhfuil leas coiteann acu i rannpháirtíocht chomhoibritheach leis an bpobal agus a bhfuil sé mar aidhm leis deacracht leasa nó imní an phobail a fheabhsú, a thuiscint nó a imscrúdú, lena n-áirítear dúshláin shochaíocha. Is taighde feidhmeach é curtha chun cinn in éineacht le comhpháirtithe pobail seachas ar a son.

Tá cur síos déanta ar thaighde cruthaitheach[3] mar eolaíocht ghlan, thaiscéalaíoch, nuálach, fiosracht-bhunaithe agus bhunúsach, i gcodarsnacht le taighde dírithe ar spriocanna. Is taighde cruthaitheach é a d'fhéadfadh torthaí a thabhairt nach mbeifí in ann a shamhlú ag an tús.

[2] Campus Engage. 'Taighde Feidhmeach: An tSochaí agus Ardoideachas ag tabhairt aghaidh ar Mhór-Shochaí Dúshlánach le Chéile' Cumann na nOllscoileanna: Baile Átha Cliath, 2020.

[3] Linden B. Basic blue skies research in the UK: 'Are We Losing Out'. *Journal of Biomedical Discovery and Collaboration*, 2008, 3; 3: 1-14.

2

*Ainmneoimid láidreachtaí reatha agus forbróimid ár sainréimsí taighde ag leibhéal an Choláiste chun béim a chur ar bhuanna idirdhisciplíneacha agus a bhfuil tacaíocht acu ó Institiúidí Taighde ábhartha agus Scoil Iarchéime nua an Choláiste.*

- Modhanna atá íogair ó thaobh disciplín, bunaithe ar fhianaise, a úsáid chun sainréimsí taighde atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a rianú inár gColáiste (CR01, CP01).
- Uasmhéadú a dhéanamh ar na hacmhainní tiomnaithe atá ann laistigh de ILAS agus Institiúid de Móra chun taighde sna sainréimsí taighde a chomhdhlúthú (AE07, AE08, AE10).
- Meicníochtaí a bhunú chun tacú le taighde ábhartha a dhéanann baill an Choláiste in Institiúidí Taighde eile a luíonn taobh amuigh d'acmhainní an Choláiste (e.g. Institiúid Uí Riain, Institiúid Whitaker) (CS01).
- Tairiscintí IRC agus ERC a chomhordú chun leas a bhaint as/cur le mais chriticiúil bhreise sa timpeallacht taighde dírithe a sholáthraíonn Scoil Iarchéime an Choláiste agus na hInstitiúidí Taighde (CE12).

3

*Tacóimid le forbairt tionscnamh taighde 'cruthaitheach' agus cinnteoimid go bhfuil soláthar maith smaointe nua á gcothú ar fud an Choláiste.*

- Maoiniú síl a sholáthar gach seimeastar do thionscnaimh ar féidir leo acmhainneacht shuntasach a léiriú chun eolas nua a sholáthar agus a tharraingíonn ar mheascán d'acmhainní atá ann cheana agus bearnaí sainaitheanta ag leibhéal Scoile/an Choláiste (CE03, AE08).
- Taighdeoirí a earcú go gníomhach má thugann siad léargas nua a thaispeánann acmhainneacht shuntasach ann féin nó a luíonn le réimse atá ann cheana ar bhealach láidir (AE13).
- Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun smaointe taighde 'cruthaitheacha' / atá ag teacht chun cinn a nascadh ar fud na gColáistí (AE08).
- Oibriú leis an Oifig Taighde agus le hInstitiúidí Taighde chun meantóireacht agus tacaíocht a sholáthar do mhaoiniú ERC ag gach leibhéal (tús, daingniú, ardleibhéal) (CR01, CS01, CE04, CE12).
- Gorlanna nuálaíochta taighde a chruthú chun tacú le taighdeoirí luathghairme atá ag iarraidh smaointe taighde núíosacha a fhorbairt a aistreofar go hiarratais taighde níos déanaí (CE03, AE08).





4


*Déanfaimid acmhainní Oifig an Choláiste a infheistiú chun ár n-éachtaí taighde agus ár bhféiniúlacht a chur chun cinn níos fearr, chun cumarsáid sheachtrach a fheabhsú agus chun comhpháirtithe agus lucht leasa nua a aimsiú inár gcuid oibre.*

- Meicníocht tacaíochta a bhunú ag leibhéal an Choláiste chun idirchaidreamh a dhéanamh idir taighdeoirí agus lucht leasa inmheánacha agus seachtracha ábhartha (CE07, CE08, CE09).
- Feasacht agus struchtúr tacaíochta oiriúnach a chruthú sa Choláiste chun tionchar a imirt ar cheapadh polasaí ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta (AE11, CE07).
- Oibriú leis an Oifig Taighde agus leis na hInstitiúidí Taighde chun bealaí atá ann cheana a aithint le tionchar a imirt ar chás-staidéir sa Choláiste, agus cinn nua a fhorbairt de réir mar is gá.
- Cineálacha éagsúla tionchair a aithint chun taighde feidhmeach a chur chun cinn tuilleadh (AE07, AE13, CP01).
- Baill an Choláiste a spreagadh le cás-staidéir iarmharta a roinnt (AE13).

5

*Aithneoimid bearta don rathúlacht a bheidh lonnaithe sa disciplín agus molfaimid iad a úsáid chun rath an Choláiste a thomhas.*

- Na bearta a úsáidtear i ndisciplíní éagsúla a aithint agus a chomhaontú (CR03, CR04).
- Gnóthachtáil taighde bhaill an Choláiste a mhapáil de réir na mbeart ábhartha rathúlachta (CE03).
- Tacú leis an Ollscoil chun bearta éagsúla rathúlachta taighde a aithint (CE01).



# Straitéis Idirnáisiúnta

*Fáilteofar roimh an domhan mór trínár gcuid oibre le mic léinn agus comhpháirtithe idirnáisiúnta agus rachaimid amach sa domhan chun ár rannpháirtíocht agus ár dtionchar ar scála domhanda a mhéadú.*





1

*Forbróimid earcaíocht mac léinn idirnáisiúnta a sholáthróidh meascán méadaithe agus níos leithne de mhic léinn fochéime, iarchéime agus staidéir thar lear agus a shaibhreoidh eispéireas na mac léinn baile agus idirnáisiúnta.*

- Gníomhaíocht margaíochta agus earcaíochta fochéime a mhéadú i bpríomh-mhargaí idirnáisiúnta (arna dtreorú ag sonraí), ag cur in iúl sainiúlacht agus luach céim sna Dána / sna hEolaíochta Sóisialta ó OÉ Gaillimh. (AP05, CE03).
- An Scoil Iarchéime a chur chun cinn mar aon le sraith clár iarchéime múinte agus taighde chun ár n-earcaíocht iarchéime i margaí idirnáisiúnta a mhéadú (arna threorú ag sonraí) (AP05).
- Ár gcláir agus pacáistí staidéir thar lear a fhorbairt agus a athnuachan, lena n-áirítear cúrsaí samhraidh agus cúrsaí faoi stiúir na dáimhe. (AP05, AP10).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dheiseanna scoláireachta in gach cohórt le go mbeidh meascán níos leithne mac léinn in ann cur isteach ar ár gcúrsaí. (CR01, CP02).
- Alumni idirnáisiúnta a úsáid mar ambasadóirí dár gcúrsaí chun iarrachtaí earcaíochta a fheabhsú tuilleadh agus caidrimh le alumni a fhorbairt ag an am céanna (CP01, CC01).

2

*Cuirfimid deiseanna idirnáisiúnaithe chun cinn don fhoireann agus do mhic léinn trí shoghluaisteacht agus eispéiris chomhoibritheacha.*

- Na deiseanna do shoghluaisteacht mac léinn a mhéadú sna cláir ar fad trí chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta nua agus tacaíochtaí eile atá riachtanach chun go mbeidh mic léinn in ann rochtain a fháil ar dheiseanna soghluaisteachta (AP11).
- Deiseanna do shoghluaisteacht foirne, acadúil, taighde, teicniúil agus gairmiúil a chur chun cinn agus a mhéadú, chun tacar scileanna a leathnú agus eolas is féidir a thabhairt ar ais chuig an gColáiste a fheabhsú (AP11, AE12).
- Ár saineolas i dteangacha agus i gcultúir a úsáid chun an t-eolas a theastaíonn do dheiseanna soghluaisteachta a thabhairt do mhic léinn agus don fhoireann (AP11).
- Na scileanna a thabhairt don fhoireann chun naisc soghluaisteachta a chruthú (AP11, CE04).

3

*Déanfaimid ár ngníomhaíocht taighde idirnáisiúnta a mhéadú agus a chur chun cinn chun cumhacht agus tionchar ár réimsí taighde a mhéadú go domhanda.*

- Stór a chruthú sa Choláiste de chomhpháirtithe taighde idirnáisiúnta atá cheana féin sna Scoileanna agus sna hIonaid Taighde (AE08).
- Béim a chur ar na deiseanna atá ann le haghaidh taighde le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá ann cheana (e.g. líonra ENLIGHT, Ollscoil Notre Dame etc.) (AE09, CC06).
- Comhpháirtíochtaí taighde nua a fhorbairt atá ag teacht lenár sainréimsí taighde (AE12, CC06).
- Foireann a chur chun cinn agus a chumasú chun taighde idirnáisiúnta a dhéanamh e.g. tacaíocht chun tairiscintí taighde ilnáisiúnta a ullmhú agus a bhainistiú (AE08).
- Straitéis mhargaíochta a chruthú chun ár dtaighde a mhéadú go hidirnáisiúnta (AE13).

4

*Cuirfimid cultúr dearfach, feidhmeach agus eiticiúil idirnáisiúnaithe chun cinn laistigh den Choláiste.*

- Béim a leagan ar imeachtaí agus comhdhálacha Coláiste a bhfuil gné idirnáisiúnta leo agus ar féidir leo an tuiscint ar a bhfuil idirnáisiúnta a leathnú (AP06).
- Tús a chur le fóram chun teagmháil a dhéanamh le comhaltaí foirne agus le mic léinn idirnáisiúnta sa Choláiste chun tuiscint níos fearr a fháil ar a dtaithí agus a ndearcadh e.g. trí naisc leis an Líonra Foirne Idirnáisiúnta (CR04, CR05, CR11, CP02).
- A chinntiú go mbeidh an deis ag comhaltaí foirne agus ag mic léinn tabhairt faoi oiliúint feasachta cultúrtha (CR04, CR11, CP02).
- Grúpa oibre a bhunú a fhiosróidh na deiseanna an curaclam a idirnáisiúnú agus curaclam domhanda a chruthú a mheallfaidh bonn níos leithne mac léinn (AE05).
- Creat a bhunú chun tacaíochtaí Béarla agus acadúla eile a thairiscint do mhic léinn idirnáisiúnta trí Ionad an Bhéarla agus trí aonaid tacaíochta acadúla eile (AE03, AE04).

5

*Glacfaimid le hinbhuanaitheacht inár gcleachtais idirnáisiúnaithe.*

- Deiseanna soghluaisteachta fíorúla a fhorbairt ar na cláir fochéime agus iarchéime a éascóidh soghluaisteacht inbhuanaithe ionas nach mbeidh gá le gluaiseacht daoine (AS03, CS02).
- Cur chuige nasctha de ghníomhaíocht earcaíochta mac léinn atá fíorúil agus ar an láthair a choinneáil nuair is gá chun ár lorg carbóin a bhaineann le taisteal le haghaidh earcaíochta mac léinn a laghdú (AS02, CS02).
- Na bealaí a bhfuil an Coláiste ag cur leis na SDGanna do mhic léinn agus do chomhpháirtithe reatha agus ionchasacha idirnáisiúnta trínár dtaighde, ár dteagasc agus ár bhfoghlaim. (CS04, AS10, CS06, AE13)
- Taighde agus comhoibriú idirnáisiúnta a spreagadh chun dul i ngleic le deacrachtaí inbhuanaitheachta domhanda (CS04, CS05, CE06, CE11)







## Straitéis Earcaíochta Mac Léinn

*Forbróimid cuir chuige nua maidir le hearcaíocht mac léinn, ag comhtháthú ár straitéise earcaíochta le cuir chuige i leith cumarsáide, rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta.*

1

*Déanfaimid straitéis earcaíochta a chruthú agus a chur i bhfeidhm a mbeidh na haidhmeanna seo a leanas aici:*

- Pointí iontrála do GY101 a mhéadú ionas go mbeidh siad ag teacht le pointí iontrála d'institiúidí náisiúnta inchomparáide faoi 2024, agus ag dul sa treo go sároidh siad 375 pointe faoi 2025 (CP01, CE01, CE03).
- Tacú le bealaí iontrála eile isteach sa Choláiste agus iad a chothú, lena n-áirítear HEAR, DARE, Rochtain, Mic Léinn Lánfhásta (CR02, CP01, CE01, CE03).
- Méadú ar iontráil iarratasóirí idirnáisiúnta ionas go mbeidh 25% de na mic léinn ar ár gcláir ag teacht ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann (agus ag an am céanna ag tacú le cláir a fhreastalaíonn ar iarratasóirí baile amháin) (CR02, CE01, CE03).
- Úsáid a bhaint as sonraí ábhartha agus cineálacha eile fianaise chun cuir chuige éifeachtacha leanúnacha a cheapadh maidir le hearcaíocht mac léinn (CP01).
- Cuir chuige nua a úsáid maidir le hearcaíocht mac léinn, lena n-áirítear roghanna hibrideacha agus ar líne, de réir mar is cuí (CP01, CE01).

2

*Cuirfimid tráchtaireacht láidir faoinár gColáiste in iúl agus cuirfimid chun cinn é ar bhealach a ligfidh d'fhoireann, do mhic léinn (reatha agus ionchasach), agus d'alumni ár n-éiteas, ár bhféiniúlacht, agus éachtaí ár bpobal a aithint agus a bheith bródúil as.*

- Trí phróiseas comhairliúcháin le grúpaí inmheánacha agus seachtracha, scéal a chur le chéile a mhíníonn ár misean, luachanna, cuspóir agus réimsí taighde agus láidreacht teagaisc – agus a chinntiú go gcuireann an scéal seo bonn eolais faoinár gcumarsáid leis na grúpaí inmheánacha agus seachtracha go léir (CR02, CP01, CP06 , CE01, CE03).
- Straitéis ábhair agus chumarsáide atá nasctha leis an scéal seo a chruthú. Caithfidh an t-ábhar torthaí agus tionchar ár gcuid taighde agus nuálaíochta a thaispeáint, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (CP01, CE01, CE03).
- Ardáin chumarsáide atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil dóibh (mar shampla láithreán gréasáin an Choláiste, na meáin shóisialta, agus acmhainní eile), ag foilsiú ábhar a chuireann ár luachanna, ár saineolas agus ár n-éiteas in iúl, agus a thugann brí dár scéal (CP06, CP01, CE01).
- Tabhairt faoi anailís ar an bpobal chun lucht leasa inmheánacha agus seachtracha a aithint. (CP06, CP01).
- Straitéisí a fhorbairt chun comhaltaí foirne agus mic léinn a spreagadh le húinéireacht a ghlacadh ar ár scéal, é a thuiscint, agus cur síos a dhéanamh ar a gcaidreamh leis an gColáiste trína gcuid bealaí agus líonraí féin (CP01, CE01, CE03).

3

*Cuirfimid ár bportfóilió fochéime & iarchéime i láthair de réir ár scéil, ag cur in iúl do lucht leasa seachtrach luach céim sna Dána/sna hEolaíochtaí Sóisialta ó OÉ Gaillimh agus na scileanna a gnóthaíodh lenár gcéimeanna.*

- A chinntiú go leagann ár straitéis earcaíochta amach cur chuige comhtháite maidir le hearcaíocht, rannpháirtíocht agus cumarsáid (CR02, CE01).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na portfóilíónna ann cheana chun réimsí ina bhfuil láidreacht teagaisc agus taighde a ailíniú níos fearr (CP06, CS01).
- Scéal diongbháilte a chruthú maidir le scileanna a baineadh amach trí chéim sna Dána / sna hEolaíochtaí Sóisialta, i nGaillimh agus níos ginearálta, ag cur ar chumas na mac léinn cur síos a dhéanamh ar na scileanna seo agus iad a úsáid go muiníneach (CP06, CE01).
- Luach céim sna Dána / sna hEolaíochtaí Sóisialta a athmhúnlú trí léargas fostóra a úsáid chun a ndearcadh a thaispeáint maidir leis an méid a chuireann ár gcéimithe le saol athraitheach na hoibre, agus ar an gcaoi sin ag ligean do mhic léinn ionchasacha bealach a shamhlú óna gcuid staidéir go gairmeacha rathúla, bríocha. (CR12, CP06, CS01).
- Ollscoileanna idirnáisiúnta a aithint, foghlaim uathu, agus comhpháirtíocht a dhéanamh leo má tá ag éirí leo an luach atá ar chéimeanna sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta a léiriú (CP01, CS05, CE01).





# Straitéis Comhpháirtíochtaí & Rannpháirtíochta

*Forbróimid agus roinnfimid ár saineolas ar theagasc agus ar thaighde le comhpháirtithe ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, agus oibreoimid i gcomhar le chéile chun go dtiocfaidh athrú chun feabhais ar chúrsaí.*

**Nuala Gorham**
Céimí sna Dána





1

*Oibreoimid i gcomhar le comhpháirtithe ar bhonn áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun réimsí atá ag déanamh scime dúinn ar fad agus ar tosaíocht dúinn ar fad iad a aithint agus beidh ár ngníomhaíochtaí bunaithe ar an tuiscint láidir go bhfuil agus go gcaithfidh an ollscoil seo a bheith ina fórsa ar leas an phobail.*

- Feasacht a aithint agus cur leis an bhfeasacht maidir leis an iliomad comhpháirtíochtaí atá ann cheana sa Choláiste trí chéile, lena n-áirítear forbairt polasaí, fiontair ghnó, forbairt idirnáisiúnta, comhthaighde agus comhfhorbairt, abhcóideacht phoiblí agus gníomhaíochas, cleachtas ealaíon cruthaitheach, foghlaim ar feadh an tsaoil, agus gníomhaíochtaí eile (CR12, CP01, CP04).
- Réimsí nua comhpháirtíochta a aithint a thabharfadh forais acadúla, rialtais agus neamhrialtais, earnálacha pobail, tráchtála, cruthaitheacha agus cultúir le chéile (CP04, CP05, AP07, CC02-CC06).
- Polasaithe a bhunú agus struchtúir thacaíochta a aithint do chomhaltaí foirne atá ag iarraidh comhpháirtíochtaí foirmiúla nua a bhunú le comhpháirtithe sibhialta agus/nó tionscail (CC03, CP05, AP12).
- Cur le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta chun deiseanna soghluaisteachta agus taighde a chruthú do chomhaltaí foirne agus do mhic léinn (CC06, AP06, AP11, AE12).
- Deiseanna do chomhghníomhaíochtaí a aithint agus a chur chun cinn (e.g. PhDanna IRC Enterprise, tairiscintí Horizon Europe, tacaíocht dhaonchairdiúil do ghníomhaíochtaí claochlaitheacha sóisialta) (CE07, CC02, AP08, AE09).

2

*Oibreoimid i gcomhar lenár mic léinn reatha ar thionscadail a chuirfidh le láithreacht rannpháirtíochta pobail inár ngníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus taighde – agus beidh tionchar intomhaiste agus fhiúntach againn ar an domhan ag an am céanna.*

- Oibreoimid le grúpaí inmheánacha (amhail an CKI), gníomhaireachtaí seachtracha (amhail an Fóram Náisiúnta Fóram Náisiúnta d'Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama ag an Tríú Leibhéal), agus leis an bhfoireann go léir (lena n-áirítear an fhoireann acadúil, riaracháin agus theicniúil) chun deiseanna nua rannpháirtíochta pobail a aithint d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe mar chuid den obair acadúil agus sheach-churaclaim a dhéanann siad (AP10, CC02).
- Deiseanna rannpháirtíochta pobail a nascadh le réimsí ina bhfuil bonn láidir faoin taighde. (CP01, CP04, CS04).
- Tacú le tionscnaimh faoi stiúir comhaltaí foirne agus mic léinn chun tionscadail a fhorbairt a bhaineann le feabhsú pobail, rannpháirtíocht shóisialta agus na healaíona cruthaitheacha, atá nasctha le cineálacha oideolaíochta atá ag teacht chun cinn ar nós foghlaim dhúshlán-bhunaithe, taighde cleachtas-bhunaithe, dearadh don fhoghlaim.  (CP04, CE06, AR03, AP10).

3

*Beimid ag plé go gníomhach le alumni ar fud na cruinne, ag taispeáint éachtaí ár gcéimithe agus, ina dhiaidh sin, alumni, a bhíonn ina n-ambasadóirí don Choláiste.*

- Bunachar sonraí de chéimithe an Choláiste a chur le chéile, agus a chinntiú go mbeidh a sonraí teagmhála againn tar éis dóibh a gcéim a bhaint amach. (CP01, CC01, AP07)
- Ról gníomhach a bheith againn i mbronntaí, teacht le chéile, agus imeachtaí forbartha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. (CP01, CC01)
- Straitéisí a fhorbairt chun éachtaí alumni, idir fhoirmiúil (gradaim alumni) agus neamhfhoirmiúil (trí chumarsáid leis gColáiste), a aithint.  (CP01, CC01)
- Deiseanna a chruthú chun go mbeidh alumni in ann a bheith páirteach i dtionscnaimh an Choláiste. (CP01, CC01)

# Straitéis EDI

*Spreagfaimid daoine le tuiscint níos fearr a fháil ar phrionsabail EDI ar fud an Choláiste agus cinnteoimid go mbeidh mionlaigh curtha san áireamh i ngach gné dár gcuid oibre.*



1

*Cothóimid cultúr atá uilechuimsitheach agus oscailte, ina dtabharfar léiriú ar éagsúlacht na foirne agus na mac léinn agus ina mbeidh meas ar an éagsúlacht sin.*

- I gcomhar le forais ar nós Chomhaltas na Mac Léinn agus líonraí foirne (líonraí Idirnáisiúnta, líonraí LGBTQ+ agus líonraí ban), beifear i dteagmháil le comhaltaí foirne agus le mic léinn ó chúlraí éagsúla chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dearcthaí atá acu agus ar na nithe a bhfuil siad ag súil leo (CR01).
- Dearcadh EDI a leabú i ngach ról, feidhm agus polasaí (CR01).
- Cairt Urraime agus Chomhionannais a bheidh bunaithe ar fhianaise a fhorbairt don Choláiste (CR03, CR04).
- An fhoireann a spreagadh chun prionsabail EDI a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim, e.g. trí athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar, torthaí foghlama agus measúnú cláir chun a chinntiú go dtugann siad léiriú níos fearr ar éagsúlacht na mac léinn agus go dtugtar aghaidh iontu ar an éagothroime ar bhonn áitiúil agus domhanda. D'fhéadfadh fánaíocht, cosaint idirnáisiúnta don imirce agus taighde ar inscne, gnéasacht agus féiniúlacht (AR04, CR01-CR05) a bheith san áireamh in ábhar a bhaineann le EDI.
- An fhoireann a spreagadh chun dearcthaí EDI a iniúchadh i dtaighde agus tionscadail shonracha a bhaineann le EDI a fhorbairt (CR02).

2


*Cuirfimid feabhas ar chomhionannas inscne ag gach leibhéal sa Choláiste.*

- Ag teacht le Straitéis EDI na hOllscoile, cuirfear leis an rannpháirtíocht i bpróiseas Athena Swan ar fud an Choláiste trína bheith ag obair leis na Scoileanna agus na hInstitiúidí Taighde go léir agus iad ag déanamh iarratais ar Dhámhachtainí Cré-umha (AR06, CR01, CR03).
- A chinntiú go mbeidh ionadaíocht chothrom ar gach coiste Coláiste agus Scoil (CR01, CR03).

3

*Cuirfimid príomhthionscnaimh EDI chun cinn ag leibhéal an Choláiste.*

- Straitéis frithchiníochais a fhorbairt i gcomhar le forais inmheánacha agus sheachtracha e.g. Ollscoil Tearmainn, Comhaltas na Mac Léinn, eagraíochtaí deonacha áitiúla (CP02).
- Fiosrú faoi acmhainneacht an chreata Toilithe Ghníomhaigh* chun tionscnaimh EDI eile a chur chun cinn (CR01).
- Luacháil a dhéanamh ar an gcur amach atá ag daoine ar theangacha éagsúla sa Choláiste agus Gaillimh ilteangach agus ról na Gaeilge ar an gcampas agus lasmuigh de a thaispeáint (AP09, CR01, CP06, CC04).
- Cur leis an mbéim a bhíonn ar EDI i gcomhpháirtíochtaí trí oibriú le grúpaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh agus ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste (CP04, CC02).
- Oibriú le struchtúir EDI na gColáistí agus na hOllscoile, e.g. Líonra Foirne LGBT+, an Líonra Foirne Idirnáisiúnta, chun tionscnaimh eile a aithint ar féidir iad a chur chun cinn sa taobh seo tíre (CR01).



## Straitéis do Dhaoine

*Tacóimid leis na daoine atá san Ollscoil seo gairm a thugann sásamh pearsanta dóibh agus a athraíonn a stádas sóisialta ó bhonn a fhorbairt, beag beann ar an bpost inar ceapadh iad nó an chonair a bhí leagtha amach dóibh.*





1

*Cothóimid timpeallacht oibre ina mbeidh tús áite á thabhairt thar nithe eile d’fholláine na foirne uile – tacaíocht acadúil agus ghairmiúil.*

- I gcomhar leis an Oifig Acmhainní Daonna, cinnteoimid go mbeidh eolas ag daoine agus teacht acu ar scéimeanna meantóireachta don fhoireann acadúil ag gach leibhéal agus gach grád (AE01, CE04).
- Grúpaí tacaíochta piaraí idirdhisciplíneacha a bhunú don fhoireann acadúil luathghairme (CE04).
- Déanfar cultúr ina gcloítear le polasaithe tacaíochta san ionad oibre a fhorbairt, mar shampla Work Positive, Cairt an Champais Shláintiúil agus Straitéis Inbhuanaitheachta OÉ Gaillimh (AP10, AP11, CR09, CS01, CS07).

2


*Beidh sé mar aidhm againn cur leis an bhfolláine agus leis an sásamh gairme ar fud an Choláiste.*

- Riachtanais na foirne a mheas, go cainníochtúil agus go cáilíochtúil, chun a fháil amach cad iad na táscairí ábhartha folláine atá ann (CR03, CR04, AR10, AR11).
- Tionscnaimh agus idirghabhálacha folláine a thugann aghaidh ar phríomhchuspóirí a bhunú ar bhonn píolótach (CR04, CR09).

3

*Déanfaimid daoine a spreagadh le cultúr oibre urramach a fhorbairt ag gach leibhéal sa Choláiste.*

- Déanfaimid Cairt Urraime agus Comhionannais a fhorbairt don Choláiste, ag tarraingt ar an Tionscadal Urraime atá ar bun in ILAS. D’áireofaí leis seo fianaise a bhailiú faoi thosaíochtaí, treoir don chleachtas urramach a fhorbairt agus a héifeachtúlacht a mheas (AR01, CR04, CR11).



## Rialachas

*Cinnteoimid go mbeidh línte soiléire freagrachta agus cuntasachta ag struchtúir rialachais ar leibhéal na Scoile agus an Choláiste, chun go dtacófar go hiomlán le gach comhghleacaí sa ról atá aige/aici agus go ndéanfar polasaithe agus próisis a chur i bhfeidhm ar fud an Choláiste.*





1

*Déanfaimid athbhreithniú ar staid airgeadais reatha an Choláiste agus tabharfaimid faoi réamhphleanáil dhian chun go mbeidh an Coláiste ag feidhmiú chomh héifeachtach agus is féidir.*

- Déanfar cleachtais inbhuanaithe airgeadais a leabú sa réamhaisnéis fhadtéarmach a bheidh ag teacht leis an straitéis seo (CS03).
- Tabharfar faoi athbhreithniú rialachais ar Oifig an Choláiste agus cuirfear moltaí i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil dóthain foirne agus acmhainní ar fáil chun tacú leis an Straitéis (CM02).
- Ullmhófar buiséad bliantúil ag leibhéal Coláiste agus Scoile a bheidh ag teacht le tosaíochtaí oibríochta straitéiseacha chun a chinntiú go mbeidh réamhphleanáil á déanamh (CS03).

2

*Déanfaimid athbhreithniú ar struchtúir na Scoile lena chinntiú go mbeidh gach aonad ag feidhmiú chomh maith agus is féidir ó thaobh comhleanúnachas intleachtúil, seachadadh clár agus éifeachtúlacht oibríochta.*

- Tabharfar faoi athbhreithniú rialachais ar leibhéal na Scoile agus cuirfear moltaí i bhfeidhm
- Leagfar amach sraith de threoirphrionsabail maidir le leithdháileadh ualaigh oibre laistigh den Choláiste agus geallfar go ndéanfar measúnú rialta agus trédhearcach ar ualaí oibre ag leibhéal na Scoile (CR07).
- Déanfar athbhreithniú ar an réasúnaíocht a bhaineann leis an bpleanáil foirne ar fad sa todhchaí (ag cur gach cineál fostaíochta san áireamh) agus cinnteofar go bhfuil sí ag teacht le riachtanais oibríochta an Choláiste.
- Déanfar ceiliúradh ar shamplaí feabhais agus rachfar ar a lorg go gníomhach agus déanfar samplaí den chleachtas is fearr atá aitheanta i struchtúir riaracháin agus acadúla a roinnt go réamhghníomhach.

3

*Déanfaimid athbhreithniú ar bhallraíocht agus ar fheidhmiú Choiste Feidhmiúcháin an Choláiste lena chinntiú go mbainfidh sé chomh héifeachtach agus is féidir chun go bhfeidhmeoidh sé mar phríomhfhóram cinnteoireachta oibríochta an Choláiste.*

- Déanfar athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha reatha Choiste Feidhmiúcháin an Choláiste.
- Socrófar sceideal sásúil cruinnithe, agus tabharfar aird chuí ar phróisis phleanála agus ar thionscnaimh straitéiseacha a mhaireann i rith na bliana (CM03).
- Déanfar athbhreithniú ar pholasaithe uile na hOllscoile agus cinnteofar go gcuirtear i bhfeidhm i gceart iad ag leibhéal an Choláiste agus na Scoile.

4

*Cinnteoimid go mbeidh iliomad deiseanna ag gach ball den Choláiste saol acadúil an Choláiste a mhúnlú.*

- Déanfar athbhreithniú ar an gcaoi a reáchtáiltear Boird Choláiste, agus tabharfar aird chuí ar a chuimsithí agus ar a inrochtaine atá siad.
- Bunófar grúpaí oibre ón speictream iomlán foirne sa Choláiste chun gnéithe áirithe den Straitéis nó tionscadail eile a bhfuil tábhacht straitéiseach leo a chur i gcrích.

5

*Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt córas leictreonach chun ionchur, comhroinnt, stóráil agus anailísiú sonraí atá mar bhonn le gníomhaíocht an Choláiste a shimpliú, de réir mar a cheadóidh bonneagar na hOllscoile trí chéile agus acmhainní an Choláiste.*

- Tabharfar lántacaíocht d'fhorbairt Chonairí Digiteacha na Mac Léinn (AE02).
- Déanfar córais leictreonacha eile a iniúchadh de réir mar a cheadóidh deiseanna agus acmhainní.





# Monatóireacht ar an Straitéis

–

# III. Monatóireacht ar an Straitéis

Sonraítear ar an leathanach seo an amlíne agus na grúpaí athbhreithnithe a ceapadh lena chinntiú go mbeidh an Straitéis á cur i bhfeidhm agus go mbeidh sí in ann freagairt d'aon athruithe inmheánacha nó seachtracha sa tréimhse feidhmithe.

## Amlíne feidhmithe

**SAMHAIN 2021**

Seoladh Oifigiúil na Straitéise

**Ó SHAMHAIN 2021 AR AGHAIDH**

- Tagann Grúpa Straitéise an Choláiste, ar a bhfuil Déan Feidhmiúcháin, Déan Ionaid, Leas-Déin agus Oifig an Choláiste, le chéile uair sa mhí agus tuairiscíonn siad chuig Coiste Feidhmiúcháin an Choláiste.
- Iarrtar ar ghrúpaí oibre ó gach ceann de na Coláistí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ar leith ó na 8 bportfóilió. Is grúpaí 'tasc & críochnaithe' iad seo, agus tagann siad le chéile go rialta ar feadh bliain acadúil amháin ar a mhéad faoi stiúir na Leas-Déan
- Déanfaidh Grúpa Straitéise an Choláiste athbhreithniú ar an straitéis faoi dhó sa bhliain i gcomhar le Cinn Scoile chun feidhmiú leanúnach na Straitéise ar 4 luach na hOllscoile a mheas sna 8 bportfóilió.

**SAMHAIN 2023**

Athbhreithniú ar an Straitéis ag deireadh bhliain féilire 2 le hionchur ón taobh amuigh

**SAMHAIN 2025**

Athnuachan ar an Straitéis ag deireadh bhliain féilire 4 chun Straitéis 2026-2030 a leagan amach



# Fís Roinnte, Múnlaithe ag Luachanna

–

# IV. Fís Roinnte, Múnlaithe ag Luachanna – Straitéis 2020-2025 a chomhlíonadh

Tógfaimid ar chroíluachanna OÉ Gaillimh agus cabhróimid leis na tiomantais agus na Spriocanna Tábhachtacha a bhfuil tagairt dóibh sa cháipéis a bhaint amach ar na bealaí seo a leanas:

## MEAS

- CR01 Cuirfimid an comhionannas agus an éagsúlacht chun cinn san Ollscoil go réamhghníomhach, agus tabharfar aitheantas do thaithí aonair gach duine.
- CR02 Cuirfidh ár dtaighde bonn eolais faoi dhearcthaí agus faoi pholasaí maidir le héagsúlacht, le súil feabhas a chur ar an tuiscint agus an fheasacht atá againn maidir le míbhuntáiste agus idirdhealú nuair is ann dó.
- CR03 Beidh tionchar suntasach againn ar ár bpobail agus beimid inár n-eisleamáir lasmuigh den ollscoil trí thús áite a thabhairt don mheas.
- CR04 Déanfaimid cultúr tuisceana agus ómóis a leabú inár nOllscoil, lena n-áirítear sa taithí a fhaigheann mic léinn.
- CR05 Díreoimid ar thacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn ina gcúrsaí léinn, ina ndul chun cinn agus ina bhfolláine mar chuid de phobal ina dtabharfar ugach dóibh barr a maitheasa a bhaint amach ar bhealach iomlánaíoch agus inspioráideach
- CR07 Tá an Ollscoil tiomanta ina sprioc caighdeáin arda fostaíochta agus cothroime ag an obair a choinneáil agus a chur chun cinn.
- CR09 Tá an Ollscoil tiomanta chomh maith do chleachtais oibre a thacaíonn le teaghlaigh ar bhealach atá tuisceanach agus a dhéanann freastal ar chothromaíocht shláintiúil oibre is saoil.
- CR11 Caitear le fostaithe leis na caighdeáin is airde dínite agus measa
- CR12 Agus tuiscint againn ar an ról uathúil agus údarásach atá ag an Ollscoil seo i sochaí agus i ngeilleagar ár réigiúin, oibreoimid le gnólachtaí, le heagraíochtaí agus le líonraí fud fad iarthar na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil an ollscoil ag déanamh freastal cuí ar an réigiún.
- AR01 Cuirfimid romhainn cultúr ómóis a leabú go láidir trí Chairt Ómóis a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Glacfar ceannasaíocht ar an gCairt sin ag gach leibhéal den institiúid
- AR02 Déanfaimid clár scileanna a dhearadh agus a fhorfheidhmiú a chabhróidh le comhbhá agus le tuiscint a chothú inár bpobal campais
- AR03 I gcomhar lenár bpobail, forbróimid agus cuirfimid i bhfeidhm clár freagrachta sóisialta struchtúrtha don ollscoil trí chéile féachaint le tionchar dearfach agus intomhaiste a imirt ar an tsochaí
- AR04 Cuirfimid smaointe chun cinn trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a léiríonn meas ar dhínit gach duine
- AR06 Féachfaimid lenár nGradam Cré-Umha Athena SWAN a choinneáil agus cuirfimid romhainn creidiúnú ag leibhéal an Airgid a bhaint amach don institiúid chun an éagsúlacht agus an comhionannas a chur chun cinn tuilleadh san Ollscoil
- AR10 Glacfaimid chugainn féin cur chuige eiseamláireach maidir le sláinte fhisiciúil, shóisialta agus mheabhrach inár bpobal mar chomhpháirtí leis an tionscadal Éire Shláintiúil agus tríd an gCreat um Champas Sláintiúil a a chur i bhfeidhm
- AR11 Forbróimid agus cuirfimid straitéis iomlánaíoch i bhfeidhm do shláinte agus leas na foirne, ag tógáil ar a bhfuil bainte amach sa tionscnamh maidir le Timpeallacht Dhearfach Oibre, agus bainfimid creidiúnú amach tríd an Marc KeepWell

## OSCAILTEACHT

- CP01 Beimid i mbun caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha, alumni agus leis an bpobal chun an tionchar atá againn a uasmhéadú.
- CP02 Forbróimid cultúr cuimsitheach a fhéachann le rochtain ar an oideachas a fheabhsú, comhoibriú a éascú, agus a thacóidh lenár bpobal, beag beann ar an gcúlra atá acu.
- CP04 Cuirfimid romhainn tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí trí dhul i gcomhar le hollscoileanna, le heagraíochtaí agus le pobail eile, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta, chun go n-éascófar cruthú agus roinnt eolais, saineolais agus teicneolaíochtaí.
- CP05 Agus aitheantas á thabhairt againn don ról uathúil atá againn chun na scileanna agus an scoláireacht a chothú a chuireann dlús le fás eacnamaíoch inár réigiún agus go náisiúnta, feabhsóimid ár gcóras tacaíochta don fhiontraíocht i gcomhpháirt leis an earnáil thionsclaíoch, le fostóirí agus le páirtithe leasmhara eile.
- CP06 Oibreoimid as lámha a chéile lenár bpobail chun cur lenár gcampas dátheangach agus chun an paisean atá againn don Ghaeilge a roinnt leis an domhan mór.
- AP02 Glacfaimid le Prionsabail an Dearaidh Uilíoch inár dtimpeallacht foghlama agus oibre chun inrochtaineacht a mhéadú, freastal a dhéanamh ar na bealaí éagsúla foghlama agus chun cabhrú le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach
- AP04 Cruthóimid Pobal Léinn Oscailte ina ndéantar próiseas, ábhar agus torthaí taighde a bhainistiú go heiticiúil agus a mbíonn teacht orthu go hoscailte, agus cuirfear úsáid agus táirgeadh Acmhainní Oideachais Oscailte chun cinn
- AP05 Spreagfaimid agus cuirfimid fáilte roimh mheascán leathan comhaltaí foirne agus mic léinn idirnáisiúnta ar ár gcláir theagaisc agus thaighde ag leibhéil fochéime agus iarchéime
- AP06 Déanfaimid straitéis shoiléir a fhorbairt agus a chur chun feidhme don idirnáisiúnú agus don chomhar idirnáisiúnta a chabhróidh le tionchar agus le clúdach na hOllscoile a uasmhéadú ar bhonn domhanda i gcomhthéacs chlár an Rialtais, Éire Dhomhanda
- AP07 Déanfaimid clár struchtúrtha rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara seachtracha straitéiseacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear alumni, an earnáil thionsclaíoch, an pobal agus an rialtas, chun go mbainfimid leas as comhairle, saineolas, tacaíocht agus rannpháirtíocht
- AP08 Féachaimid lenár gcaidreamh le hinstitiúidí agus le líonraí an Aontais Eorpaigh a leathnú d'fhonn tionchar na hOllscoile a uasmhéadú
- AP09 Déanfaimid straitéis uaillmhianach don todhchaí i leith na Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara náisiúnta agus le pobail Ghaeltachta, bunaithe ar luachanna an ómóis agus na hinbhunaitheachta
- AP10 Déanfaimid sainiúlacht ár réigiúin a neadú inár gcuraclam trí dheiseanna a chur ar fáil dár mic léinn tabhairt faoi shocrúchán oibre, obair allamuigh agus foghlaim phobal-bhunaithe agus foghlaim seirbhíse
- AP11 Cruthóimid deiseanna níos fearr dár mic léinn agus dár gcomhaltaí foirne chun a gcuid dearcthaí a leathnú agus taithí éagsúil a fháil trí chláir staidéir thar lear, socrúcháin, meantóireacht, agus comhoibrithe teagaisc agus taighde
- AP12 Cuirfimid comhpháirtíochtaí ar bun le gníomhaireachtaí forbartha agus le páirtithe leasmhara d'fhonn tacú le fás agus le scálú gnóthaí dúchasacha agus idirnáisiúnta

## INBHUANAITHEACHT

- CS01 Glacfaimid chugainn féin ról ceannaireachta chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trínar dteagasc, ár dtaighde, ár ngníomhaíochtaí agus ár dtionchair.
- CS02 Déanfaimid ár gcampais agus ár ngnóthaí seachtracha uile a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus féachaimid le bheith inár n-eiseamláir chun tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol.
- CS03 Déanfaimid ár n-ollscoil a ullmhú don todhchaí trí chinntiú go mbeidh gach ceann dár n-oibríochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus sa chomhthéacs sóisialta agus airgeadais.
- CS04 Agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe á n-úsáid againn mar chreat, déanfaimid an chéad ghlúin eile mac léinn, taighdeoirí agus nuálaithe a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde chun dul i ngleic le dúshláin forbartha inbhuanaithe na sochaí .
- CS05 Agus muid ag obair as lámha a chéile le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda, forbróimid réitigh a éascóidh todhchaí níos inbhuanaithe
- CS06 Beidh cáil dhomhanda orainn as feabhas ár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a chothaíonn ár gcéimithe mar cheannairí inbhuanaitheacha na todhchaí, in Éirinn agus thar lear
- CS07 Agus muid ag tógáil ar obair Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta an Phobail agus na hOllscoile agus ar a cur chuige i leith na hinbhuanaitheachta 'foghlaim-mair-spreag' i misean na hollscoile trí chéile, déanfaimid an inbhuanaitheacht a neadú inár gcultúr, ár bpolasaithe oibriúcháin agus ár struchtúir rialachais, agus féachfaimid lenár bpobail a chumhachtú chun bheith ina n-eiseamláirí inbhuanaitheachta
- AS02 Oibrímid le chéile chun plean oibre uaillmhianach a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm aige neodracht charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2030
- AS03 Beidh an inbhuanaitheacht chun cinn inár bhfoghlaim, inár dtaighde agus in eispéireas na mac léinn ionas gur féidir leis an bpobal campais an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth a ghnóthú chun bheith ina n-eiseamláirí agus ina gceannairí inbhuanaitheachta
- AS06 Bainfimid cothromaíocht amach idir an fhiontraíocht agus an chríonnacht agus muid i mbun pleanála chun an chobhsaíocht airgeadais a bheidh de dhíth orainn chun ár spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach a chinntiú
- AS09 Leagfaimid spriocanna uaillmhianacha amach dúinn féin i réimse na hinbhuanaitheachta leabaithe sa churaclam
- AS10 Leagfaimid spriocanna uaillmhianacha amach dúinn féin i réimse na gclár iarchéime atá dírithe ar an inbhuanaitheacht

## BARR FEABHAIS

- CE01 Tacóimid le huaillmhian agus féachfaimid le barr feabhais ár ndaoine a éascú, ar ceannairí, nuálaithe agus smaointeoirí criticiúla iad a bhfuil an-dúil acu an domhan mór a thuiscint, a oiliúint agus a fheabhsú.
- CE02 Féachfaimid le heispéireas teagaisc agus foghlama den scoth a chur ar fáil a bheidh dírithe ar an mac léinn agus treoraithe ag an taighde. Déanfar tuilleadh infheistíochta chun seirbhísí tacaíochta a sholáthar a chabhróidh le smaointeoireacht chriticiúil, ceannaireacht, gairmiúlacht agus infhostaitheacht a fhorbairt.
- CE03 Tabharfar aitheantas dúinn as ár gcultúr feabhais i dteagasc, taighde agus nuálaíocht, agus mar cheann scríbe ina gcothaítear daoine uaillmhianacha, agus ina mealltar agus ina gcoinnítear iad.
- CE04 Cuirfimid cláir forbartha ar fáil, lena n-áirítear meantóireacht, cóitseáil agus oiliúint, agus cuirfimid lenár dtimpeallacht fhisiciúil agus fhíorúil d'fhonn ár bhfoireann, mic léinn agus comhpháirtithe a chumasú chun a lánacmhainneacht a bhaint amach.
- CE05 Bainfidh ár gcuid mac léinn leas as curaclaim nuafhorbartha atá bunaithe ar thaighde agus a tharraingíonn ar láidreachtaí idirdhisciplíneacha ár n-ollscoile.



## BARR FEABHAIS

- CE06 Beimid ag díriú isteach ar ár gcuid teagaisc, taighde agus nuálaíochta agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe á n-úsáid againn mar threoirphlean chun todhchaí níos fearr agus níos inbhuanaithe a bhaint amach.
- CE07 I gcomhar lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus ar fud an domhain, cuirfimid fáilte roimh thaighde uaillmhianach a chuirfidh bonn taca faoin réimse a bhaineann le polasaí agus an tsochaí a fheabhsú
- CE08 I gcomhar lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus ar fud an domhain, tabharfaimid cuireadh do dhaoine tabhairt faoi thaighde uaillmhianach a chuirfidh bonn taca faoin réimse a bhaineann le cruthaitheacht agus cultúr a shaibhriú
- CE09 I gcomhar lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus ar fud an domhain, tabharfaimid cuireadh do dhaoine tabhairt faoi thaighde uaillmhianach a chuirfidh bonn taca faoin réimse sláinte agus folláine
- CE11 I gcomhar lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus ar fud an domhain, cuirfimid fáilte roimh thaighde uaillmhianach a chuirfidh bonn taca faoin réimse a bhaineann lenár bpláinéad agus ár ndaoine a chothú
- CE12 Tabharfaimid spreagadh chomh maith do na taighdeoirí sin ar mian leo dul chun cinn a dhéanamh i réimsí seanbhunaithe taighde chomh maith le réimsí úrnua.
- AE01 Cuirfimid Straitéis do Dhaoine i dtoll a chéile agus i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas comhghleacaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a thacóidh le OÉ Gaillimh a uaillmhianta a bhaint amach, lena n-áirítear clár struchtúrtha d'oiliúint, forbairt agus meantóireacht foirne
- AE02 Tacóimid agus cuirfimid le haistriú agus forchéimniú mac léinn trí Straitéis Rathúlachta Mac Léinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus trí infheistiú i bpróisis agus i gcórais nua, tríd an gclár dar teideal Conairí Digiteacha na Mac Léinn, a fhreastalaíonn ar riachtanais na mac léinn agus a ullmhaíonn ár n-ollscoil don todhchaí
- AE03 Déanfaimid tacaíochtaí acadúla piaraí, tacaíochtaí scileanna acadúla agus nuálaíochtaí curaclaim a phríomhshruthú, agus tuiscint againn ar an ríthábhacht a bhaineann le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim do mhisean na hollscoile
- AE04 Déanfaimid infheistiú i gcláir forbartha agus déanfar iad a leathnú amach dóibh siúd ar fad a bhíonn ag teagasc nó a thacaíonn le barr feabhais i bhfoghlaim mac léinn ar fud na hollscoile
- AE05 Tuigimid agus aithneoimid inár bpolasaithe agus inár gcleachtais an tiomantas don teagasc, don nuálaíocht churaclaim, don léann, don chomhchleachtas agus do bhainistíocht chláir
- AE07 Bainfimid úsáid as an straitéis agus na luachanna seo chun ár n-institiúidí taighde a athnuachan féachaint le cinntiú go mbeidh tionchar leanúnach againn agus go dtacóimid le caighdeáin arda
- AE08 Tabharfaimid faoi infheistíocht i gcóras taighde inbhuanaithe a thacaíonn lenár n-institiúidí agus ionaid taighde, áiseanna lárnacha taighde agus córais tacaíochta taighde, agus fócas ar leith againn ar infheistíocht a thacóidh leis na taighdeoirí is cumasaí a chothú agus le dámhachtainí airgid a bhaint amach.
- AE09 Féachfaimid le díriú ar chlár oibre taighde an Aontais Eorpaigh d'fhonn deiseanna maoinithe a uasmhéadú, ag teacht lenár misean chun freastal ar an tsochaí
- AE10 Bunóimid scoileanna iarchéime i réimsí sainiúla tosaíochta taighde agus déanfaimid ár bhforbairt clár iarchéime a ailíniú lena bhfuil ar siúl ag ár n-institiúidí taighde idirdhisciplíneacha
- AE11 Oibreoimid go gníomhach chun cáil na Gaillimhe a chothú go hidirnáisiúnta mar ionad barr feabhais i dteicneolaíocht an leighis, eolaíocht sonraí, cultúr agus cruthaitheacht, aeráid agus aigéin, beartas poiblí, agus nuálaíocht i Straitéis Fostaíochta don Todhchaí de chuid Rialtas na hÉireann
- AE12 Cuirfimid comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua ar bun le hionaid taighde barr feabhais clúiteacha náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta a mbeidh fócas faoi leith acu ar chomhpháirtíochtaí taighde agus ar mhalartú foirne/mac léinn
- AE13 Forbróimid clár ábhar tarraingteach chun torthaí agus tionchar ár dtaighde agus nuálaíocht a chur ar taispeáint ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta

## ÁR bPOBAIL

- CC01 Beimid i mbun teagmhála lenár alumni agus le comhaltaí foirne ar scor, féachaint lena bhfuil romhainn a mhúnlú agus tacú leis
- CC02 Gheobhaimid bealaí nua chun ár gcomhpháirtíochtaí le grúpaí pobail agus eagraíochtaí i réigiún na Gaillimhe a láidriú ar bhealach oscailte agus uilechuimsitheach
- CC03 Cuirfimid lenár líonra gnó, tionscail agus fostóirí chun a chinntiú go rachaidh ár gcéimithe, ár gcúrsaí, ár dtaighde, ár nuálaíocht agus ár n-áiseanna chun tairbhe gheilleagar an réigiúin agus na tíre.
- CC04 Rachaimid i gcomhar le heagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, go háitiúil agus ar fud na tíre, chun ceiliúradh a dhéanamh ar ár gcultúr sainiúil agus chun go mbeidh teacht ag cách teacht ar imeachtaí cultúir
- CC05 Beidh caidreamh gníomhach againn leis an rialtas, comhlachtaí stáit, gníomhaireachtaí forbartha, grúpa ospidéal Saolta agus le hinstitiúidí oideachais eile féachaint le cur leis an gcion a dhéanaimid don fhorbairt réigiúnach agus náisiúnta.
- CC06 Bunóimid comhghuaillíochtaí straitéiseacha nua le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta agus féachfaimid leis na cinn sin atá ann cheana a neartú chun go rachaidh ár dteagasc, ár dtaighde agus ár nuálaíocht i bhfeidhm ar dhaoine oiread agus is féidir.

## AN PLEAN A CHUR I bhFEIDHM

- CM02 Iarrfar ar gach Coláiste, Scoil, Institiúid agus Aonad Taighde a thaispeáint conas a thacóidh siad lenár ngeallúintí agus ár mórghníomhartha a bhaint amach trí phleanáil oibriúcháin.
- CM03 Déanfaimid ár gcórais a fhorbairt d'fhonn spriocanna oibriúcháin a ailíniú lenár gceithre bhunluach.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Plean Straitéiseach Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta, agus an Léinn Cheiltigh

-

2021 - 25